# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/937 ÓN gCOIMISIÚN

## an 16 Meitheamh 2022

## lena n-aisghairtear Cinneadh 2006/563/CE a bhaineann le bearta cosanta áirithe i ndáil le fliú éanúil ardphataigineach d'fhochineál H5N1 in éin fhiáine sa Chomhphobal

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ([1]), agus go háirithe Airteagal 71(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2016/429, cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos bearta speisialta rialaithe galar faoi chuimsiú rialú ráigeanna galar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1)(a) de Rialachán (AE) 2016/429, i gcás ina meastar nach bhfuil na bearta rialaithe galar a tógadh cheana oiriúnach don staid eipidéimeolaíoch.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ([2]), aicmítear fliú éanúil ardphataigineach (HPAI) mar ghalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1)(a) de Rialachán (AE) 2016/429.

(3) Le Cinneadh 2006/563/CE ón gCoimisiún ([3]), leagtar síos bearta áirithe cosanta atá le cur i bhfeidhm i gcásanna ina mbraitear HPAI, rud arb é víreas A ardphataigineach d'fhochineál H5 is cúis leis, agus ina meastar nó ina ndeimhnítear néaraimíniódáis de chineál N1 (H5N1) a bheith ann in éin fhiáine. Áirítear i mbunús dlí an Chinnidh sin Airteagal 9(4) de Threoir 89/662/CEE ón gComhairle ([4]) agus Airteagal 10(4) de Threoir 90/425/CEE ón gComhairle ([5]). Rinneadh na Treoracha sin a aisghairm an 14 Nollaig 2019 le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]). Mar sin féin, foráiltear le hAirteagal 164(2) de Rialachán (AE) 2017/625 go raibh Airteagal 9 de Threoir 89/662/CEE agus Airteagal 10 de Threoir 90/425/CEE fós i bhfeidhm maidir leis na hábhair a rialaítear le Rialachán (AE) 2016/429, go dtí dáta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/429. Tá feidhm le Rialachán (AE) 2016/429 ón 21 Aibreán 2021.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coisctheacha agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm ar chatagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil baol suntasach ag baint leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21).

([3]) Cinneadh 2006/563/CE ón gCoimisiún an 11 Lúnasa 2006 a bhaineann le bearta cosanta áirithe i ndáil le fliú éanúil ardphataigineach d'fhochineál H5N1 in éin fhiáine sa Chomhphobal agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2006/115/CE (IO L 222, 15.8.2006, lch. 11).

([4]) Treoir 89/662/CEE ón gComhairle an 11 Nollaig 1989 maidir le seiceálacha tréidliachta i dtrádáil laistigh den Chomhphobal d'fhonn an margadh inmheánach a chomhlánú (IO L 395, 30.12.1989, lch. 13).

([5]) Treoir 90/425/CEE ón gComhairle an 26 Meitheamh 1990 maidir le seiceálacha tréidliachta agus zóiteicniúla atá infheidhme maidir le hainmhithe beo áirithe agus táirgí a thrádáil laistigh den Chomhphobal d'fhonn an margadh inmheánach a chomhlánú (IO L 224, 18.8.1990, lch. 29).

([6]) Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

(4) Ina theannta sin, níl na bearta arna leagan síos i gCinneadh 2006/563/CE oiriúnach don staid eipidéimeolaíoch reatha.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2006/563/CE a aisghairm.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Aisghairtear Cinneadh 2006/563/CE.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Meitheamh 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN